**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0177

## Leasú a dhéanamh ar CFRE, ar an gCiste Comhtháthaithe agus ar an gCiste um Aistriú Cóir a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma (COM(2025)0123 – C10-0063/2025 – 2025/0084(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0123),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 175, 177, 178 agus 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0063/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 29 Aibreán 2025[1],

[1] IO C, C/2025/3197, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3197/oj.

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 15 Bealtaine 2025[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 23 Iúil 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shlándáil agus Cosaint,

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A10-0129/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d’Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

2 IO C, C/2025/3474, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3474/oj.

**P10_TC1-COD(2025)0084**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Meán Fómhair 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/1914.)*

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hurraim don smacht reachta tráth ghlacadh Rialachán (AE) 2025/1914[1]**

Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ríthábhachtach don Aontas Eorpach. Tuigeann an Coimisiún rún na gcomhreachtóirí mar atá cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú lena leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcloífear leis an Smacht Reachta i gcur chun feidhme na gCistí agus déanfaidh sé measúnú ar aon iarraidh ar leasuithe ar chláir i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna, leis an Rialachán maidir le Coinníollacht Ghinearálta agus le forálacha an Rialacháin maidir le hAthbhreithniú Meántéarma.

[1] IO L, 2025/1914, 19.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1914/oj.